

Aistriú Scoileanna Ag bogadh idir suímh speisialta agus lárshrutha

Treoir do Thuismitheoirí/Caomhnóirí Leanáí
ag a bhfuil Riachtanais Oideachasúla Speisialta

NCSE 2016



Sa doiciméad seo ciallaíonn an focal 'tuismitheoir' tuismitheoir nó caomhnóir an linbh.

Clár

Réamhrá	2
Céimeanna tábhachtacha um aistriú a phleanáil	4
Céim 1: Cinneadh a dhéanamh	5
Céim 2: Cleachtais Chláraithe	6
Céim 3: Pleanáil i gcomhar leis an scoil	7
Céim 4: Bí ullamh don athrú	13
Eolas breise	15
Eagraíochtaí cabhracha	16

Réamhrá

Ar an mórgóir téann scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta ar an scoil áitiúil. Faightear tacaíocht ón múinteoir ranga agus de réir gá, ó sheirbhís tacaíocht fhoghlama/múinteoir acmhainne. Ag brath ar riachtanais fhoghlama bíonn scoláirí áirithe i suíomh speisialtacha mar a mbíonn líon an-bheag scoláirí sa rang. Orthusan tá scoileanna speisialta ar leith nó rang speisialta i scoil lárshrutha. D'fhéadfadh scoláire dul isteach i rang lárshrutha agus bogadh chuig rang speisialta nó scoil speisialta nó a mhalairt.

Is iomaí cúis a bheadh ag tuismitheoirí a dhéanann cinneadh an leanbh a bhogadh ó shuíomh amháin go suíomh eile. B'fhéidir go bhfuil clár difriúil ar fad ón scoláire seachas a bhfuil ar fáil sa scoil lárshrutha. D'fhéadfaidís a bheith go mór faoi strus agus gan in ann déileáil leis an iarracht a bhíonn ag teastáil. B'fhéidir gur éirigh go maith le scoláire i scoil speisialta

agus é/í anois réidh le dul ar scoil lárshrutha ach na tacaíochtaí cuí a bheith ann. Uaireanta molann an scoil nó duine proifisiúnta an t-aistriú tar éis athbhreithniú rialta ar dhul chun cinn is ar thorthaí an scoláire.

Ag seo roinnt samplaí de na cúinsí aistrithe a bhíonn i gceist:

- Ó scoil speisialta go rang speisialta i scoil lárshrutha
- Ó rang speisialta go rang lárshrutha lánaimseartha
- Ó rang lárshrutha go rang speisialta nó scoil speisialta
- Idir dhá shaghas rang speisialta.

Pé bunús a bhíonn leis an aistriú, bheadh imní ort féin agus ar an leanbh. Ní fios an bhfuil dóthain neamhspleáchais nó cumas ann/inti don chóras lárshrutha nó an bhfuil dóthain scileanna sóisialta chun cairde nua a dhéanamh. Más ag bogadh ó rang speisialta go rang lárshrutha lánaimseartha atá i gceist, bheadh imní faoi mhéid an ranga agus cumas an linbh coimeád suas leo. Má táthar ag bogadh ó scoil lárshrutha go rang speisialta nó scoil speisialta, smaoinfeá ar na cairde, siblíne agus múinteoirí nach mbeidh thart a thuilleadh agus b'fhéidir ar thuras níos faide chun na scoile.

Tá sé i gceist sa phaimfléad seo eolas agus treoir phraiticiúil a thabhairt maidir le trasnú sásúil don leanbh.

Céimeanna tábhachtacha um aistriú a phleanáil

Baineann céimeanna áirithe le pleanáil don aistriú ó shuíomh oideachais go chéile. Tá achoimre anseo thíos. Beidh breis eolais agus comhairle ar fáil de réir a chéile sna ranna eile ar ball.

Céim 1: Cinneadh a dhéanamh

Céim 2: Clárú

Céim 3: Pleanáil i gcomhar leis an scoil

Céim 4: Bí ullamh don athrú

Gach bliain éiríonn le scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta trasnú sásúil a chur i gcrích idir suímh éagsúla oideachais.

Céim 1: Cinneadh a Dhéanamh

Is tusa mar thuismitheoir a dhéanfaidh an cinneadh maidir le hoideachas an linbh. De ghnáth cuirtear san áireamh comhairle agus treoir ó lucht proifisiúnta oideachais agus sláinte mar mhúinteoirí ranga, múinteoirí acmhainne/tacaíocht teagaisc, teiripeoirí teanga agus urlabhra, teiripeoirí ceirde, síceolaithe agus mar sin de.

Bíonn síceolaithe ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) ag plé le foghlaim, le hiompar is le forbairt idir shóisialta agus mothúcháin. Ainmnítear na síceolaithe do ghrúpaí scoileanna is iad páirteach mar chomhairleoirí má bhíonn scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta ag aistriú scoil nó suímh.

Is féidir dul i dteagmháil leis an Eagraí áitiúil Riachtanais Oideachasúla Speisialta (SENO) a bhaineann leis an scoil/rang nua faoi aon cheist atá agat. Seirbhís dhíreach is ea na SENO do thuismitheoirí leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta laistigh de cheantair áirithe ainmnithe.

B'fhéidir go smaoineofá ar aistriú tar éis dul i gcomhairle leis an scoil is le lucht proifisiúnta eile faoi mheasúnú leanúnach a bhí déanta ar riachtanais an linbh.

Bunófar an cinneadh ar athrú a tharlaíonn de réir forbairt an linbh i gcaitheamh na haimsire agus ar na roghanna lárshrutha nó speisialta a bheidh ar fáil.

Céim 2: Cleachtais Chláraithe

Má tá scoil nua i gceist, an chéad rud eile ná cur isteach uirthi. Bíonn rialacha agus cleachtais difriúla ag scoileanna seachas a chéile maidir le leanaí a chlárú. Uaireanta bíonn sprioclá deiridh don chlárú. Inseoidh an príomh-oide duit nó beidh an t-eolas ar shuíomh idirlín na scoile agus caithfidh tú cloí le cleachtais chláraithe na scoile. Fanann an leanbh mar a bhfuil aige/aici go dtí go gcláraítear sa scoil nua.

Tharlódh sé go mbeadh tréimhse ama ón scoil chun pleanáil chuí a dhéanamh, uaireanta chaithfí tamall lena leithéid, mar shampla má chaitear an foirgneamh scoile a chur in oiriúint, má chaitheann múinteoirí teacht isteach ar scileanna nua nó má bhíonn gá le fearas speisialtachta.

Tá scoileanna ann a ligeann don chlárú i lár na bliana má tá slí acu is muna mbíonn gá le hacmhainní breise ná le cur in oiriúint. Féadfar cabhair a lorg má tá deacracht agat maidir le scoil a fháil don leanbh. Tá an tSeirbhís Leasa Oideachais ann do gach tuismitheoir. Gheofar na sonraí teagmhála ar shuíomh idirlín Tusla ag: <http://www.tusla.ie/get-in-touch/education-and-welfare/>.

Toisc go bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta ag an leanbh, féadfar dul i dteagmháil leis an SENO áitiúil a bheidh in ann cabhrú leat. Gheofar na sonraí teagmhála ar shuíomh idirlín: <http://ncse.ie/seno-contact-list>.

Céim 3: Pleanáil i gcomhar leis an scoil

Ach an cinneadh bogadh go suíomh nua oideachais a bheith déanta, ba chóir luí isteach chomh luath agus is féidir ar ullmhú agus pleanáil. Beidh gá le plean trasnaithe. Is fearr aistriú i dtús na scoilbhliana ionas nach gcuirfear isteach in aon slí ar aoinne. É sin ráite, áfach, is féidir uaireanta aistriú i lár na bliana ach ní mar sin a bhíonn i gcónaí. Arís bheadh gá le hullmhú agus le pleanáil ach seans nach mbeadh agat ach tamall gearr chucusan.

Duine ann/inti féin atá i ngach scoláire ag a bhfuil buanna pearsanta agus cumas ar chóir a chur san áireamh sa phróiseas ullmhúcháin. Caithfidh tú féin agus an leanbh a bheith lárnach sa phróiseas. Má tá riachtanais oideachasúla speisialta ag an leanbh, deachleachtas is ea é **cruinniú pleanála** a eagrú. Ag an gcruinniú beidh na tuismitheoirí, an scoláire (más cuí), an príomh-oide agus/nó baill foirne na scoile um oideachas speisialta, (mar mhúinteoirí ranga nó múinteoirí acmhainne/tacaíocht teagaisc nó ceannairí bliana iarbhunscoile).

Cabhair mhór is ea an t-eolas a roinnt. Ag an gcruinniú pleanála beidh seans agat an tsúil atá agat agus ag an leanbh don oideachas iarbhunscoile a chur in iúl chomh maith le haon imní faoi leith atá agat.

Muna bhfuil tú in ann teacht ar áit scoile don leanbh, tá daoine ann a chabhróidh leat.

Deis don scoil is ea é leis, na tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi rudaí a rachaidh i gcion ar a leanbh agus b'fhéidir gur mhaith leat a fháil amach cé hé an príomh-duine tacaíochta sa scoil agus cé chuige a rachfá dá mbeadh aon imní ort maidir le do leanbh.

Cabhair mhór is ea buanna, cumas agus deacrachtaí a chur in iúl chomh maith le nósanna foghlama a n-éiríonn leo don leanbh. Bheadh an t-eolas úd an-úsáideach ar fad d'fhoireann na scoile nua i gcás pleanála don leanbh. D'fhéadfaí teacht ar shocrú maidir le cur chuige cinnte i gcás deacrachtaí. Más gá, iarr go mbeidh tacaíocht ag do mhac/iníon le linn bogadh ó rang go chéile sa scoil nua.

Tá sé tábhachtach gach eolas a bhfuil gá leis a chur ar aghaidh go dtí an scoil nua ionas gur féidir leo pleanáil de réir na riachtanais a bheidh ag teastáil. San áireamh bheadh tuairiscí ábhartha proifisiúnta (m.sh. tuairiscí síceolaithe, teiripeoirí teanga agus urlabhra, teiripeoirí ceirde agus mar sin de) mar cuirfear in iúl buanna, cumas agus riachtanais an linbh. Beidh an t-eolas céanna uathu freisin sa chás go gcaithfidh siad polasaí a fhorbairt nó a athbhreithniú do chúram scoláire ag a bhfuil riachtanais oideachasúla nó leighis speisialta, m.sh. polasaí iompair nó polasaí dáilte cógas leighis.

Tá sé tábhachtach dóthain aimsire a bheith agat chun an t-aistriú a ullmhú is a phleanáil.

Gnímh atá riachtanach don rath ar aistriú:

- Caithfear eolas a roinnt chun go n-éireoidh leis an aistriú. Ar an eolas cuí a bheidh ag teastáil ón scoil beidh an méid seo a leanas má bhaineann le hábhar i gcás an linbh:
 - Riachtanais fhoghlama
 - Riachtanais sóisialta agus cumarsáide
 - Riachtanais chúraim mar shampla éadaí, leithris, gluaiseacht agus cógas leighis
 - Riachtanais chéadfaíocha mar leochaileacht maidir le gleo, tadhall, soilse
 - Riachtanais fhisiciúla mar an láthair scoile a chur in oiriúint, suíocháin nó fearas eile speisialta a sholáthar.
- Mar thuismitheoir seans go mba mhaith leat eolas a thabhairt don scoil nua faoi:
 - An tsúil agus an dóchas atá agat don leanbh chomh maith le haon imní
 - Buanna, cumas agus deacrachtaí an linbh
 - Do thaithí féin agus eolas ar na nósanna foghlama a n-éiríonn leo
 - Tuairisicí ábhartha proifisiúnta (m.sh. tuairiscí le síceolaithe, teiripeoirí teanga agus urlabhra, teiripeoirí ceirde, agus mar sin de). Cabhróidh an t-eolas seo leis an scoil, b'fhéidir, sa chás go gcaithfidh siad polasaí a fhorbairt nó a athbhreithniú do chúram scoláire ag a bhfuil riachtanais oideachasúla nó leighis speisialta, m.sh. polasaí iompair nó polasaí dáilte cógas leighis.

Ba mhaith an rud é d'fhoireann na scoile dul i gcomhar leis an lucht profisiúnta a bhí ag plé leis an leanbh, orthusan bheadh múinteoirí cuairte dóibh siúd atá dall/ar a bhfuil lagú radhairc nó bodhar/ar a bhfuil moill éisteachta, síceolaithe, teiripeoirí teanga agus urlabhra, teiripeoirí ceirde nó fisiteiripeoirí agus mar sin de. Má bhíonn aicíd ghéar leighis ar an leanbh, seans go mbeadh an scoil ag iarraidh labhairt leis an dochtúir. Lorgóidh an scoil cead uait fhéin chun teagmháil a dhéanamh leis an lucht profisiúnta seo. Dá mba ghá d'fhéadfadh an lucht profisiúnta úd cuairt a thabhairt ar an scoil chun oiriúnacht an tsuímh a mheas. Theastódh uait freisin a fháil amach cé a bheidh in ann teacht ar eolas príobháideach nó rúnda faoin leanbh.

Má bhíonn an scoil ag cur isteach ar breis tacaíochtaí don leanbh ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE), lorgófar cead uait aon tuairiscí profisiúnta cuí a chur isteach leis an iarratas. Ar na tacaíochtaí breise úd bheadh: iompar, teicneolaíocht chabhrach, teacht ar thacaíocht ó chúntóir um riachtanais speisialta agus teagasc acmhainne, má bhíonn an leanbh ag bogadh go suíomh lárshrutha. Seolann scoileanna iarratais leis chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna ar fhoirgneamh scoile a chur in oiriúint, fearas speisialta agus mar sin de. Arís beidh cóipeanna tuairiscí profisiúnta ó phríomh-oide na scoile lena seoladh leis an iarratas.

Má cheapann an scoil go bhfuil oiliúint bhreise ó mhúinteoirí chun freastal ar riachtanais an linbh féadfar dul i gcomhairle le háisín-teachtaí éagsúla, mar shampla, An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) agus an tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta (SESS) faoi chlár teagasc agus aon mhodheolaíocht a bheadh oiriúnach do riachtanais fhoghlama an linbh. Tá na sonraí teagmhála ag bun an leabhráin seo.

Caitear am leis an bpleanáil agus dá bhrí sin caithfear tosú in am ionas go mbeifear réidh don aistriú. Braitheann an cur chuige ar aois is ar riachtanais an linbh. Uaireanta molann an scoil nó lucht proifisiúnta eile cur chuige céimneach chun leas an linbh, mar shampla, má táthar ag aistriú ó shuíomh lárshrutha go rang/scoil speisialta nó a mhalairt. Ar an gcuma san tiocfaidh an scoláire isteach ar an gcóras nua de réir a chéile.

Féadfaidh an dá scoil oibriú le chéile chun clár aistrithe a chruthú bunaithe ar bhuanna, cumas agus riachtanais an linbh. Féadfaidh an scoil:

1. Bualadh leis na tuismitheoirí agus leis an scoláire
2. Teagmháil a dhéanamh le lucht cúí proifisiúnta
3. Cuairt a thabhairt ar an scoláire sa suíomh faoi láthair, más cúí.

Ní mór do thuismitheoirí agus scoileanna pleanáil as lámh a chéile nuair atá scoláire ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta ag aistriú.

B'fhéidir go mbeadh na ceisteanna seo a leanas ag tuismitheoirí:

1. Conas a thacóidh an scoil nua leis an leanbh?
2. Mar tuismitheoir, conas is féidir liom cur leis an dtacaíocht scoile?
3. Cé a bheidh ann má bhíonn an leanbh trína chéile nó má bhíonn imní air/uirthi?
4. Cén pháirt a bheidh ag an leanbh i ngníomhaíochtaí scoile/ranga le leanaí eile?
5. Cé mhéad scoláire a bheidh sa rang agus cén aois iad?
6. Beidh cógas leighis ag teastáil i rith an lae ar scoil, conas a shocrófar é sin?
7. Conas a eagrófar cúnamh teicneolaíochta má bhíonn gá leis?
8. Cén sórt teagmhála a dhéanann an scoil le tuismitheoirí?
9. An bhfuil duine faoi leith sa scoil a phléifidh liom i gcás aon deacrachtaí?
10. An mbeidh iompar speisialta scoile ar fáil más gá?
11. Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar shocrú an linbh?

Céim 4: Bí ullamh don athrú

Caithfidh an leanbh, chomh fada agus is féidir, teacht ar thuiscint agus meon socair faoin mbogadh agus na fáthanna a bhaineann leis. D'fhéadfadh sé/sí a bheith imníoch faoi múinteoirí a fhágáil agus faoi réiteach le cairde nua. Cheapfaí b'fhéidir go gcaithfí bogadh toisc nár éirigh go maith leis/léi sa chéad scoil. Ní hamhlaidh a bhíonn agus caithfidh sé/sí a thuiscint go mbíonn socrúithe difriúla ann do leanaí éagsúla chun gur féidir freastal ar a gcuid riachtanas féin.

Ní mór do na tuismitheoirí ullmhú don athrú leis. Má bhíonn tusa dóchasach beidh sin ina chabhair don bpáiste socrú isteach agus a bheith compordach sa suíomh nua. Cuirfidh sin lena féin-mheas agus an mothú go mbaineann sé/sí leis an áit. B'fhéidir go dtógfaidh sin tamall agus beidh tacaíocht agus foighne ag teastáil.

Féadfaidh tú féin tacú trí chomhrá, éisteacht lena bhfuil le rá aige/aici faoi imní nó ceisteanna, freagraí a thabhairt maidir leis an aistriú atá le teacht. Bí ag caint faoi shocrúithe nua mar éide scoile, tráthchlár, sos lóin, gníomhaíochtaí tar éis scoile. Mínigh aon tacaíocht bhreise nó fearas m.sh. fógraí tráthchláir, fearas TEC agus an chabhair a bheidh ar fáil uathusan.

D'fhéadfadh cuairt ar an rang/scoil nua an t-ímní a laghdú. Is cabhair iad grianghraif nó físeáin chun teacht isteach ar an bhfoireann scoile, ar mhúinteoirí nua, leagan amach na scoile agus an chlóis, an bus agus mar sin de.

Cabhraíonn tuismitheoirí áirithe leis an leanbh maidir le pas cumarsáide a chur le chéile a mhíníonn na rudaí is fearr agus is measa leis/léi agus na hábhair spéise. Mínítear a m(h)odhanna foghlama, cad a bhíonn deacair nó éasca. D'fhéadfaí aon deacracht chéadfaíoch a mhíniú ann. Bíonn a leithéid de chóras an-úsáideach do scoláire nach labhraíonn nó ag a mbíonn deacrachtaí cumarsáide.

Is féidir tacú leis an leanbh trí bheith ag caint leis/léi, éisteacht lena bhfuil le rá aige/aicí faoi ímní nó ceisteanna, freagraí a thabhairt maidir leis an aistriú atá le teacht.

Eolas breise

Tá breis eolais do thuismitheoirí/caomhnóirí sna foilseacháin NCSE:

- Leanaí ag a bhfuil Riachtanais Oideachasúla Speisialta: Leabhrán Eolais do Thuismitheoirí
- Scoil a Roghnú: Treoir do Thuismitheoirí agus Caomhnóirí Leanaí agus Daoine Óga ag a bhfuil Riachtanais Oideachasúla Speisialta
- Roghanna Iarscoile Oideachais agus Oilúna d'Aosaigh agus Lucht Fágtha Scoile atá faoi Mhíchumas.

D'fhoilsigh NCSE **naoi mbileog eolais ar réimsí áirithe riachtanas oideachasúla speisialta**, a mhíníonn an tacaíocht atá ar fáil dóibh laistigh den chóras oideachais.

Cuimsíonn na bileoga eolais: míchumais ghinearálta foghlama; míchumais áirithe foghlama; deacrachtaí nó aicídí mothúcháin agus/nó iompair; míchumais fhisiciúla; dall/lagú radhairc; aicídí áirithe teanga agus urlabhra; bodhar/moill éisteachta agus an aicíd speictream uathachais. Tá bileog ann freisin a mhíníonn an scéim SNA.

Tá na leabhráin agus bileoga eolais ar fáil ón SENO áitiúil nó ar shuíomh an NCSE ag <http://ncse.ie/information-booklets-pamphlets-2>.

Suíomh úsáideach is ea é seo do thuismitheoirí leanaí 0-12 bliain d'aois. Roinntear an t-eolas thar cúig aoisghrúpa ar leith: 0-2 bliain, 3-4, 5-7, 8-9 agus 10-12 bliana.

Help My Kid Learn NALA ag: www.helpmykidlearn.ie.

Eagraíochtaí cabhracha

Ionad Sláinte:

www.hse.ie

SENO NCSE:

www.ncse.ie

Trín scoil áitiúil nó ag:

An Roinn Oideachais agus Scileanna: www.education.ie

**An Áisínteacht Náisiúnta
Litearthachta do Aosaigh (NALA)
Help My Kid Learn:**

www.helpmykidlearn.ie

**National Parents Council
(Iarbhunoideachas):**

www.npcpp.ie

**National Parents Council
(Bunoideachas):**

www.npc.ie

Special Needs Parents Association:

www.specialneedsparents.ie

Tusla:

www.tusla.ie

Seirbhís Múinteoir Cuairte:
(do leanaí atá dall/ar a bhfuil lagú
radhairc nó bodhar/ar a bhfuil moill
éisteachta)

[http://www.education.ie/en/
Parents/Services/Visiting-
Teacher-Service](http://www.education.ie/en/Parents/Services/Visiting-Teacher-Service)

